

Reilig sa ghairdín

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuirisc faoin fhéidearthacht reilig a bheith ar thalamh phríobháideach. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

daoine muinteartha	a adhlacadh	corp a chur
na húdaráis áitiúla	an Roinn Comhshaoil	
tacaíocht	cinneadh	suíomh adhlactha
	galar tógálach	dhiúltaigh an tAire Sláinte

Ceist 2

Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén moladh atá ag Comhairle Contae an Chláir?
2. Cé hé James Breen?
3. Cén brú atá ar reiligí na tíre faoi láthair?
4. Cé atá freagrach as reiligí na tíre?
5. Cén dá mholadh a bhí ag an Roinn Sláinte maidir le moladh James Breen?

Ceist 3

'...*daoine muinteartha a adhlacadh*...'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort an focal idir lúbíní a athrú.

1. Nach féidir leat an dinnéar a _____ níos luaithe anocht? (déan)
2. D'iarr an múinteoir orm an doras a _____ mar bhí an seomra ró-the. (oscail)
3. Caithfidh corp a _____ i reiligí faoi láthair. Ní féidir iad a _____ ar thalamh phríobháideach. (cuir)
4. Is mór an faoiseamh é nach gcaithfimid na leabhair sin a _____. (ceannaigh)
5. Ar mhiste leat an fhuinneog a _____, le do thoil? (dún)
6. Bhí áthas ar Shíle an dráma a _____ ar deireadh thiar thall. (feic)
7. Tá sé an-tábhachtach vóta a _____ le linn toghcháin. (caith)

8. Ní raibh mé in ann an fheoil a _____, bhí sé uafásach! (ith)
9. Ba bhreá liom an leabhar sin a _____. Dúradh liom go bhfuil sé go hiontach. (léigh)
10. An maith leat féin cluichí ríomhaireachta a _____? (imir)

Ceist 4 ‘...na háiteanna...’

Líon na bearnaí sa bhosca díreach ar nós an tsampla tugtha. An féidir leat a mhíniú cén fáth a bhfuil ‘t’ roimh leath na n-ainmfhocal thíos?

an áit	na háiteanna	ar an áit
an t-am		
an uair		
an t-asal		
an ais		

Ceist 5 An dtuigeann tú na focail seo anois? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- daoine muinteartha
- a adhlacadh
- corp a chur
- na húdaráis áitiúla
- an Roinn Comhshaoil
- tacaíocht
- cinneadh
- suíomh adhlactha
- galar tógálach
- dhiúltaigh an tAire Sláinte

Ceist 6 Pléigh an topaic seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

‘Is moladh maith é cead a thabhairt do theaghlaigh a ndaoine muinteartha a chur ar a dtalamh féin’

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

daoine muinteartha – *family members*

a adhlacadh – *bury*

corp a chur – *bury a body*

na húdaráis áitiúla – *local authorities*

an Roinn Comhshaoil – *Dept. of the Environment*

tacaíocht – *support*

cinneadh – *decision*

suíomh adhlactha – *burial site*

galar tógálach – *contagious disease*

dhiúltaigh an tAire Sláinte - *the Minister of Health refused*

Ceist 2

1. Go dtabharfaí cead do theaghlaigh a ndaoine muinteartha a adhlacadh ar a dtalamh féin seachas i reilig.
2. Is Comhairleoir é le Comhairle Contae an Chláir.
3. Tá na reiligí faoi bhrú de bharr easpa spáis.
4. An Roinn Comhshaoil.
5. Nár cheart corp a chur in aice le foinsí uisce agus má fuair an duine bás de bharr galar tógálach gur cheart go mbeadh rialacha faoi leith ag baint leis na cásanna sin.

Ceist 3

1. Nach féidir leat an dinnéar a **dhéanamh** níos luaithe anocht?
2. D'iarr an múinteoir orm an doras a **oscailt** mar bhí an seomra ró-the.
3. Caithfidh corp a **chur** i reiligí faoi láthair. Ní féidir iad a **chur** ar thalamh phríobháideach.
4. Is mór an faoiseamh é nach gcaithimid na leabhair sin a **cheannach**.
5. Ar mhiste leat an fhuinneog a **dhúnadh**, le do thoil?
6. Bhí áthas ar Shíle an dráma a **fheiceáil** ar deireadh thiar thall.
7. Tá sé an-tábhachtach vóta a **chaitheamh** le linn toghcháin.
8. Ní raibh mé in ann an fheoil a **ithe**, bhí sé uafásach!
9. Ba bhreá liom an leabhar sin a **léamh**, dúradh liom go bhfuil sé go hiontach.
10. An maith leat féin cluichí ríomhaireachta a **imirt**? (imir)

Ceist 4

an áit	na háiteanna	ar an áit
an t-am	na hamanna	ar an am
an uair	na huaireanta	ar an uair
an t-asal	na hasail	ar an asal
an ais	na haiseanna	ar an ais

Ceist 5

daoine muinteartha – a family member
a adhlacadh – to bury
corp a chur – to bury a corpse
na húdaráis áitiúla – local authorities
an Roinn Comhshaoil – Dept. of the Environment
tacaíocht – support
cinneadh – decision
suíomh adhlactha – burial site
galar tógálach – contagious disease
dhiúltaigh an tAire Sláinte – the Health Minister refused

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá moladh le plé ag Comhairle Contae an Chláirⁱ tráthnóna go dtabharfaí cead do theaghlaigh a ndaoine muinteartha a adhlacadh ar a dtalamh féinⁱⁱ seachas i reilig. Tá rialacha i bhfeidhm faoi láthair maidir leis na háiteanna a bhfuil sé ceadaithe corp a chur. Ach deir Comhairleoir i gContae an Chláir go bhfuil sé in am na rialacha sin a athrú le go bhféadfadh feirmeoirí nó daoine a bhfuil talamh acu a ndaoineⁱⁱⁱ a chur ina gcuid talún féin.

Tomás Ó Mainnín

Faoi láthair tá rialacha i bhfeidhm faoin Roinn Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla maidir le cén áit gur féidir corp a chur. Ach tráthnóna tá an Comhairleoir James Breen chun moladh a chur roimh Chomhairle Contae an Chláir^{iv} go dtabharfaí cead do dhaoine a ndaoine muinteartha féin a chur ar a dtalamh féin.

Dúirt an comhairleoir Breen dá dtabharfaí cead a leithéid a dhéanamh go mbainfeadh sé an brú de reiligí ar fud na tíre atá faoi bhrú easpa spáis cheana féin. Má fhaigheann an moladh tacaíocht is faoin Aire Sláinte a bheith an cinneadh, a deir sé. I ráiteas ón Roinn Sláinte tráthnóna, dúradar go dtiteann freagracht reiligí ar an Roinn Comhshaoil ach dúradar go gcaithfeadh aon suíomh adhlactha a bheith in áit nach mbeadh baol truailithe d'fhoinsí uisce agus go bhféadfaí impleachtaí a bheith ann dá mbeadh corp le cur ina bhfuair an duine bás de bharr galar tógálach. Cé gur cuireadh a leithéid de mholadh os comhar an rialtais nach mór fiche bliain ó shin, dhiúltaigh an tAire Sláinte ag an am na rialacha a athrú. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i gContae an Chláir.

ⁱ *Comhairle Chontae an Chláir* a deirtear

ⁱⁱ *Féinig* a deirtear sa chaint i gcanúint na Mumhan

ⁱⁱⁱ *a nduine* a deirtear

^{iv} *Comhairle Chontae an Chláir* a deirtear